Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2020

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Stair

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i ceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2020**

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# ARDLEIBHÉAL

# Nótaí Mínithe Marcála ar Líne

| Siombail | Cur Síos | Lena gcuirtear in iúl |
|---|---|---|
| [ ] | Lúibíní cearnacha | Cuir in iúl tús agus deireadh ailt ionas go mbronnfar Marcanna Carnacha (MC) ort |
| ✓ | Tic (bán) | Bailí/ceart/ábhartha/lena gabhann fiúntas (ní bhaineann aon mharcanna le tic bán) |
| 0 | Nialas | Tugtar nialas do |
| ✓5 | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna a bronnadh (e.g. 5 mharc) |
| P5 | Marcanna alt sa bhreis | Sa chás go bhfuil an t-uasmhéid MC ceadaithe cheana féin ag freagra, bronnfar marcanna barúlacha ar aon ábhar eile le luach nialas ceangailte (e.g. 5 “mharc”) |
| ✗ | Cros/X | Neamhbhailí/mícheart/neamhábhartha |
|  | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach/roinn feicthe ag an scrúdaitheoir |
|  | Líne chorrach chothrománach | Cuir líne faoi |
| **NR** | Gan freagra | Níor tugadh freagra ar an gceist |

Tabhair faoi deara: ní ga go mbeadh gach nóta mínithe ábhartha do scripteanna ar leith

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB) (100 marc)***

***1. Tuiscint (20 marc)***

(a) Leis an gcogadh i Vítneam 5M

(b) Clúdach teilifíse agus nuachtáin 5M

(c) Ba chúis é lena thitim as a chéile 5M

(d) Foréigean/buamaí agus raidhfilí 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) **Tacaíonn.** Tacaíonn an dá dhoiciméad leis an tuairim go raibh Cogadh Vítneam mar namhaid ag na bochtáin. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

Doiciméad A: Is cosúil nach gcreideann an scríbhneoir oifigigh rialtais a deir go bhfuil na Stáit Aontaithe in acmhainn costais Vítneam agus leasuithe na Sochaí Móire a sheasamh. Tá "costais chogaidh" ag luí go trom ar Theach na Comhdhála agus mar thoradh air seo déantar faillí ar "fhadhbanna sóisialta". D'fhéadfadh an pobal, agus aghaidh á thabhairt acu ar chlúdach sna meáin ar uafáis an chogaidh, stop a chur leis an tacaíocht do chláir frithbhochtaineachta sa bhaile. Tá "léirsithe foréigneacha ag pléascadh amach" i gcathracha Mheiriceá atá ag tarlú "de bharr faillí den chuid is mó" dar le Fulbright. Tháinig an fhaillí seo chun cinn toisc go bhfuil an rialtas gafa le himeachtaí i Vítneam. Is íospartaigh chogaidh iad daoine bochta i Vítneam freisin. Deir an scríbhneoir go bhfuil na Stáit Aontaithe sáite i gcogadh "fíochmhar" in aghaidh "daoine bochta i dtír bheag iargúlta".

Doiciméad B: Deir MLK go díreach go bhfuil an cogadh mar "namhaid ag na bochtáin" Nascann sé an treisiú i dtreo an chogaidh i Vítneam le titim an Chláir Bochtaineachta sa bhaile. Creideann sé go bhfuil na "cistí riachtanacha" atá ag teastáil chun cabhrú leis na bochtáin á gcur i dtreo an /n-aistriú chuig an/ chogaidh in ionad sin. Is iad clann mhac na ndaoine bochta a sheoltar chun cogaidh i líon an-mhór díréireach i gcomparáid leis an gcuid eile den phobal. Sa dara alt tugann sé aghaidh ar fhadhb an chiníochais go háirithe seachas ar cheist na bochtaineachta go ginearálta. Ceann de na cúiseanna go bhfuil fir óga ghorma feargach ná toisc go bhfuil siad dífhostaithe agus dá bhrí sin bocht.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M 10M

(b) Léiríonn Doiciméad A níos mó imní do chlú idirnáisiúnta Mheiriceá ná doiciméad B. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí mar seo a leanas:

Doiciméad A: Mar thoradh ar ghníomhartha na Stát Aontaithe i Vítneam, creideann Fulbright go bhfuil "déistin ar mhórán den domhan" leis na nithe ar cosúil go seasann Meiriceá dóibh. Léiríonn an focal "déistin" damáiste tromchúiseach do chlú Mheiriceá thar lear. Deir Fulbright go léiríonn Meiriceá "íomhá an fhoréigin" ina gnóthaí eachtracha agus ina saol baile. Tréithríonn sé an cogadh mar "fhíochmhar gan rath", rud a chiallaíonn go bhfeiceann daoine i ngach áit gníomhartha Mheiriceá mar chruálach agus gan tairbhe araon. Léirítear Meiriceá mar bhulaí, ag piocadh ar thír "bheag iargúlta". Creideann Fulbright gur chaill na Stáit Aontaithe a chlú mar shamhail mhaith don domhan, "samhail den daonlathas agus den cheartas sóisialta", agus é anois mar shamhail den "fhoréigean agus den chumhacht gan smacht".

Doiciméad B: Tá MLK níos buartha faoi chúrsaí sa bhaile agus conas a chuir Cogadh Vítneam isteach ar dhul chun cinn sóisialta agus eacnamaíochta sna SA. Nuair a thagraíonn sé don chogadh mar "namhaid ag na bochtáin", tá sé ag smaoineamh den chuid is mó ar dhaoine bochta sna Stáit Aontaithe. Tá sé níos buartha faoin gcaoi a bhfuil an cogadh ag dul i bhfeidhm ar Mheiriceá (agus go háirithe a thionchar ar phobail bhochta i Meiriceá) seachas faoin gcaoi ina bhfuil Meiriceá ag dul i bhfeidhm ar an domhan nó *le feiceáil ag an domhan*. In ainneoin sin, nuair a thagraíonn sé do rialtas na Stát Aontaithe mar "an fhoinse foréigin is mó ar domhan sa lá atá inniu ann", léiríonn sé seo go gcreideann sé go ndearna Cogadh Vítneam damáiste do chlú idirnáisiúnta Mheiriceá.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M
10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Is féidir, is féidir liom a fheiceáil cén fáth gur measadh gur bhreithneoir éifeachtach é an Seanadóir Fulbright ar ghnéithe áirithe de shaol Mheiriceá sna 1960idí. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí mar seo a leanas:

Tagraíonn Fulbright do réimse leathan fadhbanna atá os comhair rialtas agus sochaí na Stát Aontaithe sna 1960idí, lena n-áirítear Cogadh Vítneam agus leasuithe na Sochaí Móire. Ina dhiaidh sin féin, tugann sé saincheisteanna cosúil leis an ngá atá le ceannaireacht láidir, fadhbanna a eascraíonn as srianta buiséadacha, ról na meán, agus leibhéil arda imní i measc phobal Mheiriceá mar gheall ar na fadhbanna iomadúla a bhí ann ag an am sin. Bhí gá le breithniú práinneach a dhéanamh ar na saincheisteanna seo go léir agus bhí an Seanadóir Fulbright ag tarraingt aird an phobail ar na hábhair seo. Ní raibh eagla air teanga láidir a úsáid ar nós "déistin" nó "foréigean agus cumhacht gan smacht", a d'fhéadfadh conspóid a tharraingt, rud a chuir lena cháineadh. Mar sin féin, ionas go meastar é mar "bhreithneoir éifeachtach", b'fhéidir go mbeadh air réitigh a thairiscint ar na fadhbanna a d'ardaigh sé, agus tá sé dodhéanta a rá an ndearna sé amhlaidh ar bhonn an tsleachta atá ar fáil anseo. Is dócha go bhfuil sé sábháilte a rá nach dtaitneodh sé leis an Uachtarán Johnson go ndearnadh na pointí seo go láidir.

*Marcáiltear caighdeán an fhreagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc
10M

(b) **Is ea agus/nó Ní hea.** Ní mór freagra "maith" (nó níos fearr) tuiscint shoiléir ar cad a chiallaíonn sé le foinse a bheith oibiachtúil a léiriú. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí mar seo a leanas:

Tá foinse oibiachtúil bunaithe ar fhíric agus tá sé neamhchlaonta. Níor chóir go mbeadh sé bunaithe ar mhothúcháin phearsanta ná ar chlaontachtaí.

Is ea, is cuntas oibiachtúil é seo ar imeachtaí sna Stáit Aontaithe sna 1960idí. Cé go raibh dlúthbhaint ag MLK le himeachtaí poiblí agus go raibh spéis phearsanta aige ina dtoradh, tá a thuin anailíseach seachas mothúchánach anseo. Déileálann sé ní hamháin leis an am i láthair, ach cuireann sé imeachtaí i gcomhthéacs ("Cúpla bliain ó shin...") a chuireann leis an tuiscint ar oibiachtúlacht. Tagraíonn sé do réimse imeachtaí (an tSochaí Mhór agus Vítneam) agus do dhearcaí éagsúla ("gorm agus geal"). Tagraíonn sé d'fhorbairtí atá fíorasach cruinn ar nós an éagothroime idir saibhir agus bocht nuair a tháinig sé chun fónaimh i Vítneam. Déanann sé iarracht tuiscint a fháil ar conas a bhraitheann daoine eile, ar nós na fir óga feargach sna geiteonna, agus éisteann sé lena dtuairimí sula dtagann sé ar a chonclúidí féin.

Ní hea, tá sé dodhéanta do MLK a bheith oibiachtúil toisc go raibh baint chomh dlúth aige leis na himeachtaí a dtagraíonn sé dóibh. Bíonn tionchar ag a chuid mothúchán pearsanta ar gach rud a deir sé sa sliocht seo. Is trácht brónach/ éadóchasach ar imeachtaí sna Stáit Aontaithe i 1967 é. Scriosadh an "fíordhóchas" a bhí á thairiscint ag an tSochaí Mhór le "titim as a chéile" an chláir; nach ndéanfaidh Meiriceá infheistíocht "go deo" chun cabhrú leis na bochtáin fad agus a leanfaidh an cogadh ar aghaidh; tá "líon an-mhór" de mhic na mbocht á seoladh chun báis. Nascann sé foréigean sna geiteonna leis an gcogadh i Vítneam agus tagann sé ar an gconclúid gurb é a rialtas an "foinse foréigin is mó ar domhan". Is teip oibiachtúlachta é seo mar go gcuireann sé an milleán iomlán ar rialtas na Stát Aontaithe agus gan aon mhilleán ar chorraíl shóisialta i gcathracha na Stát Aontaithe nó ionsaitheacht Cumannach in Oirdheisceart na hÁise.

*Marcáiltear caighdeán an fhreagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc  Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc  Réasúnta = 3-4 mharc  Lag = 0-2 mharc
10M

## *4. Comhthéacsúchán (40 marc)*

Tosaítear, le ceist 4, ar mharcáil de réir an ailt.

**Marc Carnach** = Uasmhéid 24 marc
**Meastóireacht Ghinearálta** = Uasmhéid 16 mharc

**Marc Carnach (MC)**

Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt.

Tharlódh alt nó comhionann ailt ar cheann acu seo a leanas:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Nuair atá an freagra roinnte ina ailt nó a gcomhionann ag an scrúdaitheoir, bronnfar marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta***: 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| ***Go dona:*** 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 mharc
***Go han-mhaith:*** 11-13 mharc
***Go maith:*** 6-10 marc
***Réasúnta:*** 4-5 mharc
***Lag:*** 2-3 mharc
***An-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leantar den phrionsabal seo maidir le marcáil de réir an ailt (MC agus MG) síos trí Roinn 2 agus Roinn 3. Bíonn marcanna MC agus marcanna MG i gcóimheas 60/40 le chéile ar feadh an scrúdpháipéir ar fad.

***ROINN 2: ÉIRE (200 marc)***
***agus***
***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

Éilítear ar an iarrthóir i Roinn 2 agus i Roinn 3 freagra a thabhairt mar gheall ar cheist staire. Marcáiltear na freagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste mar a cuireadh í.
Uasmhéid MC = 60 marc.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** maidir le feabhas an fhreagra ina iomláine i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.
Uasmhéid MG = 40 marc.

***An freagra a mharcáil***

Agus an freagra á mharcáil, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir ag déileáil leis an ábhar maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an leibhéal seo agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d’fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d’argóint nó plé, agus tagairtí d’fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d’fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

| **Marc Carnach (MC)** | (Uasmhéid = 60 marc) |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| **Go dona:** 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** (Uasmhéid = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, léitheoireacht leathanréimseach, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***Go han-mhaith:*** 28-33 marc | Go han-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Go maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a chuirtear ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta an cheist a cuireadh a fhreagairt, ach lochtanna sonracha air, e.g. tráchtaireacht neamhiomlán, sonraí nach mbaineann le hábhar, míchruinneas ó thaobh fíricí. |
| ***Lag:*** 10-15 mharc | Go dona sa mhéid agus go dteipeann ar an iarrthóir an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt, ach fiúntas áirithe leis ina dhiaidh sin féin. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-dona nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?
- Cé chomh maith is a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?
- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

***ROINN 2: ÉIRE (200 marc)***

Freagair ceist amháin as gach ceann de **dhá** cheann de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (gnéithe polaitiúla + creidimh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
(Leasú ar Chóras na Talún + Rialtas Dúchais)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
(dhá cheann díobh seo CLG, Conradh na Gaeilge, agus/nó W.B Yeats)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
(na hiarrachtaí chun féinrialtas a bhaint amach + rath)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (rath + teip)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Thuaidh + Theas)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 4*
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 5*
**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
(Comhaontú Sunningdale + titim as a chéile)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 6*
**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (láidreachtaí + laigí)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

Freagair ceist **amháin** as ceann amháin de na topaicí thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné as trí cinn
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (An Bhreatain + An Ghearmáin)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (gnóthaí intíre + gnóthaí eachtracha)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: coilíneachtaí (iolra)
   Mura dtugtar ach iarchoilíneacht AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán